# CEARTA LEASA do Dhaoine a Dífhostaíodh le déanaí

MEITHEAMH 2006

inou
Eagraíocht Náisiúnta na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe

**Leagann an chairt bhalla seo amach an Príomheolas i dtaca le cearta leasa a chaitheann a bheith ar eolas ag duine nuair a dhífhostaítear é/í**

## Eolas Ginearálta

Má chailleann duine a p(h)ost ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh leis an Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh láithreach chun iarratas a dhéanamh ar Shochar Dífhostaíochta (UB) nó ar Chúnamh Dífhostaíochta (UA). Tá sé sin ríthábhachtach mar dá mbeadh moill ar éileamh á dhéanamh d'fhéadfadh cailliúint íocaíochta a bheith i gceist.

An dá phríomhíocaíocht dífhostaíochta atá ann ná UB agus UA. Le cáiliú don dá chineál íocaíochta ní mór do dhuine:

- Bheith ina c(h)ónaí i bPoblacht na hÉireann
- Bheith faoi bhun 66 bliain d'aois
- Bheith os cionn 16 bliana d'aois le cáiliú do Shochar Dífhostaíochta agus bheith 18 mbliana d'aois nó níos sine le cáiliú do Chúnamh Dífhostaíochta
- Bheith dífhostaithe ar feadh 3 lá ar a laghad as 6 lá as a chéile
- Bheith ar fáil d'obair lánaimseartha, bheith in ann d'obair lánaimseartha agus bheith ar a tóir i ndáiríre

I mí Mheán Fómhair 2006, athraíonn Sochar Dífhostaíochta agus Cúnamh Dífhostaíochta go Sochar do Phostlorgóirí agus Liúntas do Phostlorgóirí faoi seach.

## Bheith ar fáil d'obair lánaimseartha, bheith in ann d'obair lánaimseartha agus bheith ar a tóir i ndáiríre

D'fhonn a bheith cáilithe do UA nó UB, agus d'fhonn UA nó UB a fháil go leanúnach, ní mór do dhuine a bheith in ann d'obair lánaimseartha, a bheith ar fáil chun tabhairt fúithi agus a bheith ar a tóir i ndáiríre. Is éard a deir an reachtaíocht maidir le bheith ar Thóir Oibre i nDáiríre (GSW) nár mhór do dhuine dífhostaithe bheith toilteanach glacadh le haon tairiscint réasúnach fostaíochta agus/nó oiliúna.

Aon tairiscint réasúnach ar fhostaíocht, ba chóir di, ar an gcéad dul síos, bheith oiriúnach do scileanna, cáilíochtaí agus taithí an duine dífhostaithe. Sa chás nach dócha go bhfaighidh an duine dífhostaithe fostaíocht ón gcéad phostchuardach, beifear ag súil leis go leathnóidh an duine dífhostaithe a p(h)ostchuardach go ceantar níos leithne agus/nó go cineálacha eile fostaíochta.

Déan teagmháil leis an INOU chun tuilleadh eolais a fháil nó féach ar ár leathanach gréasáin um Chearta Leasa: www.inou.ie/welfarerights

## Sochar Dífhostaíochta (UB)

Bíonn an teidlíocht i leith UB bunaithe ar líon na ranníocaíochtaí (ar a dtugtaí stampaí) ábhartha íoctha nó creidiúnaithe ÁSPC a bhíonn ag duine dífhostaithe.

**Cáiliú do UB**

Bíonn teidlíocht ag duine i leith UB sa chás:

- Gur chaill an duine sin a c(h)uid fostaíochta aon lae amháin ar a laghad agus gur chaill an duine sin ioncam
- Go bhfuil 52 seachtain de ranníocaíochtaí ÁSPC ag an duine sin ó thosaigh sé/sí ag obair

  **agus**
- Go bhfuil 39 seachtain de ranníocaíochtaí íoctha nó creidiúnaithe ÁSPC ag an duine sa Bhliain Ábhartha Chánach*

  **nó**
- Go bhfuil 26 seachtain de ranníocaíochtaí íoctha ÁSPC ag an duine sa Bhliain Ábhartha Chánach*

  **agus**
- Go bhfuil 26 seachtain de ranníocaíochtaí íoctha ÁSPC ag an duine sa Bhliain Chánach roimh an mBliain Ábhartha Chánach*

☞ Féadfaidh duine cáiliú in athuair do UB má tá 13 ranníocaíocht íoctha aige/aici ón uair a tháinig an t-éileamh ar UB roimhe sin chun críche. Tá sé seo faoi réir coinníollacha áirithe a chomhlíonadh. Déan teagmháil leis an INOU chun tuilleadh eolais a fháil.

* *Déantar an bhliain ábhartha chánach/ranníoca a chinneadh bunaithe ar ranníocaíochtaí sa bhliain chánach dhá bhliain roimh an mbliain dá bhfuil an duine ag déanamh éilimh ar íocaíocht dífhostaíochta. Mar shampla, agus an t-éileamh ar UB á dhéanamh in 2006, is í an bhliain ábhartha chánach/ranníoca ná 2004 agus cinneann líon na ranníocaíochtaí íoctha nó creidiúnaithe a rinneadh in 2004 na teidlíochtaí UB in 2006.*

Tharlódh nach n-íocfaí UB ar feadh suas le 9 seachtaine má bhíonn duine dífhostaithe de bharr:

- Gur fhág an duine fostaíocht, lena n-áirítear scéimeanna oiliúna agus fostaíochta, gan cúis mhaith
- gur dhiúltaigh an duine do thairiscint ar fhostaíocht nó oiliúint oiriúnach arna cur ar fáil ag FÁS, gan cúis mhaith
- Gur glacadh le híocaíocht iomarcaíochta 19,046.07 nó níos airde. Baineann sé seo le daoine atá faoi bhun 55 bliana d'aois.

☞ Má bhíonn duine dífhostaithe de bharr ceann ar bith de na cúiseanna thuas ach nach gcláraíonn sé/sí do UB sna chéad 9 seachaine, féadfaidh sé/sí UB a fháil don tréimhse 15 mhí ina hiomláine.

Beidh an méid a gheobhaidh an duine ar UB bunaithe ar a m(h)eán-olltuilleamh seachtainiúil. Tá rátaí UB 2006 le fáil sa tábla thíos.

## - Uas-rátaí Íoca 2006 -

| | Cúnamh Dífhostaíochta/ Sochar Dífhostaíochta |
|---|---|
| Ráta Pearsanta | €165.80 |
| Ráta do Dhuine Fásta Cáilithe | €110.00 |
| Ráta do gach Leanbh Cleithiúnach | €16.80 |
| Leath-Ráta do gach Leanbh Cleithiúnach | €8.40 |

## Rátaí do Shochar Dífhostaíochta 2006

| Meán Tuilleamh Seachtaine | Ráta Pearsanta | Ráta do Dhuine Fásta Cáilithe | Ráta do Leanbh Cleithiúnach | Leath-Ráta do Leanbh Cleithiúnach |
|---|---|---|---|---|
| Níos lú ná €80 | €74.50 | €71.30 | €16.80 | €8.40 |
| €80-124.99 | €107.10 | €71.30 | €16.80 | €8.40 |
| €125-149.99 | €129.90 | €71.30 | €16.80 | €8.40 |
| Níos mó ná €150 | €165.80 | €110.00 | €16.80 | €8.40 |

*Mhaoinigh an Crannchur Náisiúnta an chairt bhalla seo tríd an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta*

## Cúnamh Dífhostaíochta (UA)

Mura bhfuil dóthain ranníocaíochtaí ÁSPC ann le cáiliú d'íocaíocht UB, d'fhéadfadh duine bheith i dteideal UA sa chás:

- go gcomhlíonann an duine sin tástáil maoine
- go gcomhlíonann an duine sin an riail maidir le Gnáth-áit Chónaithe

**Tástáil Maoine**

Glactar na ceithre chineál ioncaim fhéideartha seo a leanas san áireamh sa tástáil maoine:

- Ioncam Airgid Thirim
- Caipiteal
- Maoin
- Sochar agus Pribhléid

Glacfar an t-ioncam airgid thirim ar fad, nach mór, san áireamh. Tá roinnt eisceachtaí ann cosúil le Sochar Linbh agus Forlíonadh Cíosa nó Úis Mhorgáiste. D'fhéadfaí suim áirithe airgid ó fhostaíocht íoctha a cheadú sula gcuirfeadh sé isteach ar an íocaíocht. Glaotar neamhaird ioncaim air sin. Is féidir luach aon mhaoine (*seachas teach cónaithe an duine féin*), infheistíochtaí, coigiltí agus caipiteil a mheas sa tástáil maoine. Is éard is Sochar agus Pribhléid ann ná measúnú ar an sochar a bhaintear as bheith ag cónaí i dteach tuismitheora. Ní bhaineann sé seo le daoine atá 25 bliana d'aois nó os a chionn agus atá ag cónaí lena dtuismitheoirí.

Chun níos mó eolais a fháil ar shochar agus pribhléid, ar neamhaird ioncaim agus chun liosta iomlán na n-eisceachtaí Ioncaim Airgid Thirim a fháil, déan teagmháil leis an INOU.

Cinnfidh acmhainn ioncaim an duine cibé an mbeidh sé/sí i dteideal íocaíocht UA nó nach mbeidh, agus sa chás go mbeidh, ráta seachtainiúil na híocaíochta UA. Cuirfear an t-éilitheoir UA faoi agallamh faoina (h)ioncam. Ba chóir do dhuine taifead a choinneáil ar ráitis nó cuntais bhainc más féidir mar go bhféadfaí iad a iarraidh.

***Gnáth-áit Chónaithe – UA amháin***

De ghnáth comhlíonfaidh iarratasóir a bhí in Éirinn go dlíthiúil le 2 bhliain nó níos faide, a oibríonn in Éirinn agus a bhfuil rún socraithe aige/aici fanacht in Éirinn agus buanchónaí a dhéanamh inti, an coinníoll maidir le gnáth-áit chónaithe. D'fhéadfadh athrú teacht air seo. Chun eolas níos mine a fháil air seo déan teagmháil le do thoil leis an INOU.

Ó mhí na Samhna 2005 ar aghaidh, saoránaigh de chuid an AE atá ag obair in Éirinn agus nach gcomhlíonann na critéir maidir le Gnáth-áit Chónaithe, *d'fhéadfaidís* bheith in ann bun-íocaíocht Liúntais Fhorlíontaigh Leasa (SWA) agus Forlíonadh Cíosa a fháil, ach:

- iad a bheith fostaithe in Éirinn,
- a bpost a bheith caillte acu, *agus*
- coinníollacha ábhartha cáiliúcháin eile do SWA a chomhlíonadh..

Déanfar gach iarratas a mheas ar a fhiúntas féin.

## Creidmheasanna nó Ranníocaíochtaí Creidúnaithe ÁSPC

Má dhífhostaítear duine, d'fhéadfadh sé/sí bheith in ann clárú do Chreidmheasanna má rinne sé/sí ranníocaíochtaí ÁSPC sa tréimhse dhá bhliain roimhe sin. Is féidir ranníocaíochtaí íoctha nó creidiúnaithe a bheith ann. Is éard is creidmheasanna ÁSPC ann ná ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh a chuideoidh le teidlíochtaí árachais shóisialaigh a chosaint sna tréimhsí sin nach mbíonn ar chumas duine ranníocaíochtaí a dhéanamh.

☞ Is féidir le creidmheasanna a bheith an-tábhachtach chun a chinntiú go mbíonn duine cáilithe d'íocaíochtaí cosúil le pinsin stáit.

## Seicliosta

**– Nithe a chaitheann duine a dhéanamh nuair a dhífhostaítear é/í**

- ✔ Iarratas a dhéanamh láithreach ar UB nó ar UA san Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh
- ✔ Clárú le FÁS
- ✔ Mura bhfuil duine dífhostaithe i dteideal UB ná UA, d'fhéadfadh an duine sin bheith i dteideal íocaíocht Liúntais Fhorlíontaigh Leasa* ón Oifigeach Leasa Pobail in Ionad Sláinte Áitiúil an HSE. D'fhéadfadh go mbainfeadh sé sin, freisin le hoibrithe an AE nach gcomhlíonann riail na Gnáth-áite Cónaithe.
- ✔ Mura bhfuil duine dífhostaithe i dteideal UB ná UA ba chóir don duine sin clárú leis an Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh le haghaidh creidmheasanna.

  * Tá sé seo faoi réir an riail GSW a chomhlíonadh.

**- A mbíonn le déanamh agus éileamh ar UB nó UA á dhéanamh**

- ✔ Mura bhfuil teidlíocht i leith UB ag duine, ba chóir dó/di iarratas a dhéanamh ar UA a luaithe is a dhífhostaítear é/í
- ✔ Tá fianaise ar aitheantas an duine (Pas, Ceadúnas Tiomána nó Teastas Breithe) agus fianaise ar sheoladh an duine (bille tí cosúil le ESB, ráiteas bainc nó cáipéis chánach) riachtanach agus éileamh á dhéanamh
- ✔ Tá gá le P45 nó litir ó fhostóir an éilitheora a luann dáta críochnaithe na hoibre. Ach litir a bheith ann ón bhfostóir a mhíníonn na cúiseanna ar cuireadh deireadh leis an bpost, d'fhéadfaí dlús a chur leis an éileamh.
- ✔ Má tá an duine ag cur isteach ar Shochar Dífhostaíochta, ní mór P60 a sholáthar.

**- UB nó UA a choinneáil**

**D'fhonn UB nó UA a fháil (nó leanúint ar aghaidh á fháil), ní mór don duine dífhostaithe:**

- ✔ Bheith ar thóir oibre i ndáiríre, bheith in ann d'obair agus bheith ar fáil chun tabhairt faoi obair lánaimseartha. Iarrfar ar dhuine dífhostaiithe fianaise ar a c(h)uid iarrachtaí maidir le post a lorg a chur ar fáil. Ba chóir dó/di taifead a choinneáil ar gach litir a seoladh chuig fostóirí nó a fuarthas uathu, lena n-áirítear ríomhphoist, glaonna gutháin, fógráin ó nuachtáin agus aon fhianaise eile ar a c(h)uid iarrachtaí maidir le post a lorg.
- ✔ An Roinn a chur ar an eolas (e.g. tríd an Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh) i dtaca le haon athrú ar chúinsí pearsanta. Samplaí de chúinsí pearsanta a bheith athraithe is ea tabhairt faoi fhostaíocht íoctha, faoi obair Dheonach, faoi chlár fostaíochta/oiliúna, sochar nó cúnamh eile a éileamh nó a fháil, filleadh ar oideachas agus an tír a fhágáil. Má théann cúinsí pearsanta duine dhífhostaithe in olcas d'fhéadfadh an duine sin bheith i dteideal cúnaimh bhreise agus ba chóir dó/di a iarraidh ar an Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh an t-éileamh a athbhreithniú

## Sochair Thánaisteacha

Is éard is Sochair Thánaisteacha ann ná sochair a d'fhéadfadh a bheith ag dul do dhuine de thoradh UB, UA (nó íocaíochtaí eile leasa shóisialaigh) a bheith á fháil aige/aici.

Má tá UB nó UA á fháil ag duine, d'fhéadfadh sé/sí bheith i dteideal:

- **Forlíonadh Úis Mhorgáiste/Cíosa**
- **Cárta Leighis/Cárta Coinne Dochtúra**

☞ I measc na Sochar Tánaisteach eile a d'fhéadfadh bheith ag dul don duine tá:

- **Liúntas Breosla**
- **Liúntas Breosla saor ó Dheatach**
- **An Liúntas Éadaí agus Bróg um Fhilleadh ar Scoil**
- **Bónas na Nollag**
- **Cíos Difreálach**
- **Forlíonadh Bia-aiste**
- **An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)**

**INOU, Teach Araby, 8 Sráid Richmond Thuaidh, Baile Átha Cliath 1**

01-856 0088
01-856 0090
welfareinfo@inou.ie
Láithreán Gréasáin: www.inou.ie